# Scoil Léann na Gaeilge

## Ionracas Acadúil le hAghaidh Scrúduithe agus Measúnuithe

Leagtar amach sa Pholasaí um Ionracas Acadúil le haghaidh Scrúduithe agus Measúnuithe sainmhínithe COC ar an ionracas acadúil; cuirtear ar fáil ann tacaíochtaí do bhaill foirne agus mic léinn; agus léirítear ann na gnáthaimh chun fiosrúchán a dhéanamh má líomhnaítear gur tharla mí-iompar acadúil nó bradaíl le linn scrúduithe nó measúnuithe. Tá an polasaí ar fáil ag: https://www.ucc.ie/en/academicgov/policies/standards/academicintegrityforexaminationsandassessmentspolicy2025-2026/

- Ní foláir do mhic léinn cloí le hionracas acadúil agus leis **an bPolasaí um Ionracas Acadúil le haghaidh Scrúduithe agus Measúnuithe**. Tá sé de dhualgas orthu a bheith ar an eolas faoi choincheapa agus cleachtais an ionracais acadúil, chomh maith le Cairt na Mac Léinn agus an Cód Onóra.
- Ní mór do na mic léinn féin deimhin a dhéanamh de go bhfuil an obair ar fad a chuireann siad isteach faoi réir chaighdeáin na hOllscoile ó thaobh an ionracais acadúil de agus caithfidh siad mí-iompar acadúil de gach saghas a sheachaint, mar shampla: séitéireacht, bradaíl, séitéireacht chonartha, pearsanú, úsáid mhí-eiticiúil a bhaint as Intleacht Shaorga Ghiniúnach (*GenAI*) srl.
- Tá sé de dhualgas ar mhic léinn tabhairt faoi oiliúint san ionracas acadúil nó scil ar bith a fhorbairt nuair a iarrtar a leithéid orthu agus é sin a dhéanamh laistigh d'achar ama sonraithe.
- Ní foláir do mhic léinn féachaint ar a gcuid r-phost ar bhonn rialta. Cuirfear in iúl do mhic léinn ar a seoladh r-phoist ollscoile aon amhras faoi mhí-iompar acadúil nó aon cheist eile a thagann faoi scáth an Pholasaí seo.

**Bradaíl:**

Nuair a chuireann tú aiste nó obair scríofa faoi bhráid na Rann uile sa Scoil, tá deimhniú á dhéanamh agat gur leat an obair go léir agus gur tusa a scríobh. Má chuireann tú sleachta as obair duine nó daoine eile le do chuid oibre féin agus mura n-admhaíonn tú é sin, is ionann é sin agus bradaíl. Ar an gcuma chéanna, má ligeann tú ort gur do chuid oibre féin í obair atá déanta ag mac léinn eile, nó nótaí nó sleamhnáin atá curtha ar fáil ag an léachtóir, is ionann é sin agus bradaíl. De ghnáth, bronntar nialas mar mharc má tá fianaise ann de mhí-iompar dá leithéid.

Moltar do mhic léinn sleachta gearra as saothair atá foilsithe ag daoine eile a úsáid ina gcuid oibre ach ní mór córas cuí acadúil tagartha a úsáid – cuirfidh an léachtóir treoir ar fáil ina thaobh seo.

**Intleacht Shaorga Ghiniúnach (*Gen AI*) a Úsáíd:**

Ceadaítear i bpolasaí na hollscoile (Roinn 5.3) do Scoileanna ar leith a gcuid riachtanas acadúil ar leith a bheith acu. Ní cheadaíonn Scoil Léann na Gaeilge ná a gcuid Rann (Béaloideas; Nua-Ghaeilge, Sean- agus Meán-Ghaeilge) go mbainfí úsáid as Intleacht Shaorga Ghiniúnach (*Gen AI*) mar shampla *ChatGPT* nó samhlacha teangacha móra (LLManna) ar shlí ar bith, mar shampla úsáid a bhaint as a leithéid chun dul i mbun taighde nó chun ceacht a chur i gcrích agus ar shlite eile nach iad. Anuas air sin, ní cheadaítear uirlisí *GenAI* agus bogearraí ar nós *Grammarly* chun eagarthóireacht nó profáil a dhéanamh ar aiste nó chun í a athscríobh sula gcuirtear isteach í. Ina theannta sin, ní cheadaítear do mhic léinn uirlisí aistriúcháin ar nós *Google Translate* a úsáid agus iad ag scríobh aistí nó i mbun tascanna eile. Ní bhronnfar marc ar obair má bhaintear úsáid as bogearraí mar seo chun í a sholáthar, a cheartú, a fhormáidú nó a aistriú.

Mar mhic léinn na nDaonnachtaí, cuid lárnach den oideachas daoibh is ea na scileanna a shealbhú chun léamh agus scríobh go criticiúil, chun teanga a úsáid go héifeachtach agus go gramadúil, chun machnamh a dhéanamh go neamhspleách agus chun taighde éifeachtach a dhéanamh. Má úsáideann tú uirlis ar nós *ChatGPT* chun taighde a dhéanamh agus chun ceachtanna a scríobh (in áit an taighde agus an scríbhneoireacht a dhéanamh tú féin), nó má bhaineann tú úsáid as bogearraí ar nós *Google Translate* chun measúnuithe agus aistí a aistriú go Gaeilge, ní tharlóidh foghlaim ná forbairt agus beidh a leithéid mar bhac dáiríre chun na haidhmeanna a bhaineann le céim sna Daonnachtaí a bhaint amach. Mar sin, tá toirmeasc glan ar úsáidí mar seo agus pléifear leo mar Mhórchásanna de Mhí-Iompar Acadúil. Níl cead úsáid a bhaint as *Grammarly* mar chabhair chun aistí a scríobh agus pléifear leis sin mar Mhionchás de Mhí-Iompar Acadúil.

**Cad a tharlaíonn má sháraíonn mac léinn Ionracas Acadúil?**

Tá cosaintí curtha i bhfeidhm againn chun ionracas ár gcuid ceachtanna a chinntiú. Nuair a chuirtear tasc isteach ar *Canvas* cuirtear trí *Turnitin* leis é, rud atá ina sheirbhís ionracais acadúil agus a dhéanann bradaíl a bhrath. Acadóirí a bhfuil saineolas acu ar an ábhar a dhéanann do chuid tascanna a mharcáil. Nuair atá baill foirne in amhras faoi thasc ar bith, rachaidh siad i gcomhairle leis na hoifigigh um Ionracas Acadúil sa Scoil. Déanfaidh siad cinneadh an bhfuil gá le tuilleadh fiosruithe a dhéanamh agus faoi leibhéal an tsáraithe:

- Leibhéal 1: Droch-Chleachtas Acadúil
- Leibhéal 2: Mion-Mhí-Iompar Acadúil
- Leibhéal 3: Mór-Mhí-Iompar Acadúil.

Tugtar thíos samplaí de na pionóis a d'fhéadfaí a ghearradh:

- Ní foláir do mhic léinn Bunchúrsa a dhéanamh san Ionracas Acadúil
- D'fhéadfaí mac léinn a chur ar Chlár an Mhí-Iompair Acadúil
- Bronntar nialas mar mharc ar cheacht i gcás mí-iompair.